# Mairéad Ní Mhaonaigh

## Ceoltóir agus Fidléir

Séideán Sí



Uinsionn Ó Domhnaill

# Mairéad Ní Mhaonaigh

## Ceoltóir agus Fidléir

Leagan Ultach



Uinsionn Ó Domhnaill

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2009

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2009

ISBN 978-1-85791-732-1

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Uinsionn Ó Domhnaill a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Muintir Chathail Teo a chlóbhuail in Éirinn

Tá na foilsitheoirí buíoch díobh seo a leanas as cead a thabhairt grianghraif éagsúla a atáirgeadh:
Uinsionn Ó Domhnaill (clúdach, leathanach 4, 5, 6, 8, 10, 11, 29, 30, 40-41, 43)
Mairéad Ní Mhaonaigh (leathanach 4, 7, 9, 15, 16, 17, 18, 20, 22, 25, 26, 36, 37)
Colm Henry (leathanach 30)
An Post (leathanach 30)

Níor éirigh linn, áfach, teagmháil a dhéanamh le daoine eile a bhfuil cóipcheart acu ar chuid de na grianghraif sa leabhar seo. Más mian le haon duine acu seo teagmháil a dhéanamh linn ina thaobh, beidh na foilsitheoirí lántoilteanach socruithe cuí a dhéanamh.

*Le fáil tríd an bpost uathu seo:*

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
*ansiopaleabhar@eircom.net*

*nó*

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
*leabhair@an4poili.com*

*Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:*

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
*eolas@forasnagaeilge.ie*

*nó*

International Education Services
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
*info@iesltd.ie*

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

# Breith agus Ceantar Dúchais

Is duine de cheoltóirí móra na hÉireann í Mairéad Ní Mhaonaigh. Tá clú agus cáil bainte amach aici, ní hamháin sa tír seo, ach ar fud an domhain mhóir.

Tháinig Mairéad ar an saol ar an Luinnigh i nGaoth Dobhair i nGaeltacht Thír Chonaill ar an 26 Iúil 1959. Ba í an dara duine clainne í ag Proinsias Ó Maonaigh (Francie) agus Caitlín Ní Ghallchóir (Kitty Rua). Tá deartháir níos sine aici, Gearóid, agus deirfiúr níos óige, Anna.




*Mairéad ina tachrán.*



*An teach inar chaith Mairéad tús a saoil.*



*Mairéad, a deirfiúr Anna, a deartháir Gearóid, agus a tuismitheoirí Francie agus Kitty Rua.*






D'fhás Mairéad aníos i nGaoth Dobhair, dúiche álainn idir sliabh agus muir in iarthuaisceart Thír Chonaill. Ba í an Ghaeilge gnáth-theanga labhartha an teaghlaigh agus an phobail.







# Bunscoil agus Óige

Chuaigh Mairéad ar Scoil na Luinní. Bhí a hathair, Francie, agus triúr eile, ag teagasc sa scoil. Bhí Francie ar dhuine d'aisteoirí móra na háite agus bhí a shliocht sin ar an scoil. Bhí béim mhór ar an drámaíocht. Bhíodh páirt ag Mairéad i gcuid mhór drámaí scoile. Ach is iad na cuimhní is deise atá aici ná a bheith páirteach

*Amharclann Ghaoth Dobhair.*



sna geamaireachtaí a bhíodh ar siúl in Amharclann Ghaoth Dobhair. Ba mhinic í féin agus na girseacha óga eile ina sióga sna geamaireachtaí céanna. Is dóigh le Mairéad gur thug an taithí seo ar an stáitse muinín di a chuidigh léi níos faide anonn ina saol.





*Mairéad i ngeamaireacht.*

Chaitheadh Mairéad agus na páistí eile an chuid is mó dá gcuid ama amuigh faoin aer. Bhíodh siad thíos fán abhainn ag piocadh péarlaí amach as sliogáin, ag obair ar an chaorán agus ina rith thart cosnochta sa samhradh. Bhíodh



deartháir Mhairéad, Gearóid, in ainm is a bheith ag coinneáil súile uirthi i gcónaí, ach is iomaí uair a thugadh sé cead a coise di. Is minic a théadh Mairéad agus a deartháir suas an baile chuig a n-aintín, Máire, go bhfeicfeadh siad cláracha teilifíse mar *Rin Tin Tin* agus *Mr. Ed*. Ar ndóigh, ní mórán tithe a raibh teilifís iontu an t-am sin.





*Gearóid agus Mairéad.*

# An Ardscoil agus Baba

Nuair a bhí Mairéad réidh leis an bhunscoil chuaigh sí ar aghaidh go dtí Ardscoil Mhuire i nGaoth Dobhair. Bhain sí sult mór as a cuid ama ansin. Dalta díograiseach a bhí inti agus d'éirigh go fíormhaith léi. Bhí béim mhór ar an drámaíocht agus ar an cheol sa scoil, rud a thaitin le Mairéad. Ghlac sí páirt i ndíospóireachtaí chomh maith agus



*Ardscoil Mhuire.*

bhuaigh sí duais náisiúnta i gcomórtas díospóireachta.

Bhí Máire Bean Uí Bhraonáin, nó Baba mar is fearr aithne uirthi, ar dhuine de na múinteoirí a bhí ag teagasc in Ardscoil Mhuire. Bhí aithne ag Mairéad ar Bhaba ó bhí sí ina girseach óg mar bhíodh Baba ag seinm ar an phianó ag na geamaireachtaí. Tá cáil ar chlann Bhaba Uí Bhraonáin anois ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Tá siad sa bhuíon cheoil chlúiteach, Clannad, agus tá iomrá mór leitheadach ar Eithne agus ar Mháire, nó Enya agus Moya mar is fearr aithne orthu. Is maith is cuimhin le Baba Mairéad sna geamaireachtaí. 'Bhí sí ina banríon bliain amháin,' a deir sí, 'agus tugadh amhrán di le ceol. D'aithneofá ansin go raibh bua aici. Bhí sé inti. Bhí sé léi.'



*Pictiúr d'fhidleacha a phéinteáil Mairéad.*

Bhí Baba ina múinteoir ceoil in Ardscoil Mhuire chomh maith. Bhain cór na scoile, faoi stiúir Bhaba, duaiseanna móra ag comórtais cheoil, ina measc Slógadh, Fleánna Ceoil agus Oireachtas na Gaeilge. Bhí Baba fosta i mbun cabaret Ghael Linn agus bhí Mairéad mar bhall den chabaret. Arsa Baba, 'bhíodh sí i gcónaí sna cabarets ag bualadh ar an fhidil, ag ceol agus ag déanamh comhcheoil. Bhí sí iontach cliste mar sin.'

# Ó Thaobh na dTaobhanna

Is tríd an cheol a casadh tuismitheoirí Mhairéad ar a chéile an chéad lá riamh. Teach mór ceoil a bhí i dteach Dan Eoghain Charlie Uí Ghallchóir, an teach inar tógadh Kitty Rua, máthair Mhairéad. Bhualadh Kitty féin an bosca ceoil agus an orgán béil. Bhíodh ceoltóirí go leor ag triall ar theach Dan Eoghain Charlie fá choinne oícheanta ceoil. Fidléir iomráiteach a bhí in Francie Ó Maonaigh agus ba mhinic é féin ag na hoícheanta ceoil seo lena chairde. Ba óna mháthair féin, Róise Ní Dhomhnaill, a fuair Francie féith an cheoil. Chan iontas ar bith,

mar sin, an ceol a bheith go smior i Mairéad Ní Mhaonaigh. Chan a ghoid nó a fhuadach a rinne sí, mar tá sé aici ó thaobh na dtaobhanna.

Nuair a phós Francie agus Kitty a chéile, mar sin, bhí teach seo acusan ina theach aitheantais ag ceoltóirí chomh maith. Chuaigh an ceol,



*Francie agus Kitty ag seisiún ceoil.*



*Mairéad lena tuismitheoirí.*

agus an chuideachta a théann leis, i bhfeidhm go mór ar Mhairéad agus í ag fás aníos. Ba dhual di, mar sin, an ceol a thógáil. Níorbh iontas gurbh í an fhidil an gléas ceoil a ghlac Mairéad chuici féin. Bhí iomrá ar a hathair, Francie, cheana féin mar mhúinteoir ceoil, agus ranganna fidléireachta aige d'aos óg na háite. Chuir Mairéad suim mhór sna

hamhráin a chuala sí thart uirthi chomh maith agus, ó tharla guth deas binn aici, ní raibh i bhfad go raibh sí á gceol. Bhí daoine thart uirthi a raibh na céadta amhrán acu agus thóg sí stór mór amhrán uathu.

Thosaigh Mairéad a ghabháil chuig seisiúin cheoil ar fud Thír Chonaill lena hathair nuair a bhí sí



*Francie agus Mairéad.*

deich mbliana d'aois. Bhí sí féin ag bualadh ceoil agus ag tógáil amhrán i gcuideachta na cuideachta. Chastaí ceoltóirí móra Thír Chonaill uirthi ag na seisiúin





seo. Chomh maith leis sin chluineadh sí taifeadadh ceoil de na seanfhidléirí iomráiteacha a bhí ar shlua na marbh. Ba í stíl cheoil Thír Chonaill a thóg Mairéad ó na fidléirí seo go léir – stíl ar leith, stíl inti féin.

# Frankie

Ba ag seisiún ceoil i dTábhairne Hiúdaí Bhig i nGaoth Dobhair a casadh Frankie Kennedy ar Mhairéad. Ba as Béal Feirste Frankie agus bhí sé ar saoire ag foghlaim Gaeilge sa Ghaeltacht. Ní raibh Mairéad ach cúig bliana déag ag an am sin agus bhí Frankie ocht mbliana déag. D'éirigh an bheirt geanúil ar a chéile. Nuair a d'fhill Frankie chun an bhaile thosaigh siad a scríobh chuig a chéile agus thagadh Frankie go Tír Chonaill chomh minic is a d'fhéadfadh sé. D'fhás an grá. Bhí Frankie anois ag cur níos mó suime sa cheol. Níorbh fhada go raibh sé in ann an fheadóg agus an



*Mairéad agus Frankie.*

fhliúit a bhualadh go sármhaith agus go raibh Gaeilge bhinn bhlasta Thír Chonaill ar a thoil aige. Níorbh fhada go raibh Mairéad agus Frankie ag seinm ceoil i gcuideachta a chéile. Shíl tuismitheoirí Mhairéad ag an tús go raibh sí ró-óg le bheith ag siúl amach le gasúr, ach de réir mar a chuir siad aithne ar Frankie thuig siad gur duine fiúntach a bhí ann.

# I mBaile Átha Cliath

Nuair a d'fhág Mairéad Ardscoil Mhuire chuaigh sí go Coláiste Bhantiarna na Trócaire i mBaile Átha Cliath le traenáil mar mhúinteoir bunscoile. Chaith sí trí bliana ansin agus deir sí féin go mbíodh cumha uirthi i ndiaidh an bhaile. Mhothaigh sí Baile Átha Cliath iontach strainséartha agus ar dtús ní théadh sí isteach sa chathair mórán. Ach ní raibh sé i bhfad gur chuir sí aithne ar dhaoine eile fán choláiste agus sa chathair a raibh suim acu sa cheol Ghaelach cosúil léi féin. Ba mhinic í féin agus cara léi, Nollaig Ní Chathasaigh, páirteach i seisiúin

cheoil agus, ar deireadh, thosaigh siad ag buscáil fán chathair. Bhí siad ag fáil gig anois agus arís de thoradh an bhuscála. Bhí siad anois ag saothrú airgid phóca ar an cheol agus ag baint suilt as an saol.



*Mairéad lá bronnta na gcéimeanna.*

# Ag Múineadh

Cháiligh Mairéad mar mhúinteoir bunscoile sa bhliain 1979. Bhí lúcháir an domhain uirthi nuair a fuair sí post i Scoil Oilibhéir Pluincéid i Mullach Íde i gContae Bhaile Átha Cliath an bhliain ina dhiaidh sin. Bhí Frankie Kennedy ag múineadh sa scoil chéanna. Ba mar gheall ar Mhairéad a chuaigh Frankie a theagasc i mBaile Átha Cliath an chéad lá. D'obair Frankie agus Mairéad go crua chun an ceol a chur chun cinn i Scoil Oilibhéir Pluincéid.

Bhí Mairéad iontach tugtha don mhúinteoireacht. Mura raibh sí ina ceoltóir, a deir sí, bheadh sí ina

múinteoir bunscoile go dtí an lá atá inniu ann. Tá dáimh ar leith ag iardhaltaí agus ag foireann Scoil Oilibhéir Pluincéid le Mairéad go fóill agus molann siad go hard í. Deir siad gur múinteoir ar dóigh a bhí inti agus gur duine lách cineálta cneasta í nach dtugadh súil ghruama ar pháistí riamh.

Chomh maith le bheith ag obair le chéile ar scoil bhí Mairéad agus Frankie ag bualadh ceoil i gcuideachta a chéile i rith an ama. Bhí clú agus cáil orthu mar cheoltóirí d'ardchaighdeán cheana féin agus iarradh orthu ceol tionlacain a dhéanamh d'Albert Fry ar cheirnín a chuir sé amach in 1979.

Bhí Mairéad agus Frankie dúnta i ngrá go fóill agus níorbh fhada go raibh siad idir dáil is pósadh. Ar an 4 Aibreán 1981 pósadh iad i dTeach







Pobail
Mhuire
i nDoirí
Beaga i
bparóiste
Ghaoth
Dobhair.
Bhí ceoltóirí ó cheann ceann na tíre
ag an bhainis in Óstán Dhoirí Beaga,
Teach Mhicí, i nGaoth Dobhair.

# An Ceol go Lánaimseartha


Bhí lúcháir ar Mhairéad agus ar Frankie nuair a d'iarr Gael Linn orthu ceirnín dá gcuid féin a dhéanamh. Chuir siad *Ceol Aduaidh* amach in 1983. D'éirigh go millteanach maith leis. Chuir an ceirnín seo ceol traidisiúnta Chúige Uladh chun cinn ar fud na hÉireann, agus, mar sin, tá tábhacht mhór ag baint leis.

Bhí ráchairt níos mó ná riamh ar Mhairéad agus ar Frankie anois. Bhí siad ag caitheamh cuid mhór ama ag taisteal, chan amháin in Éirinn ach i Meiriceá fosta. Ní fhéadfadh siad an dá thrá a fhreastal. Shocraigh siad sa

deireadh go mbeadh orthu cúl a gcinn a thabhairt don mhúinteoireacht agus dul leis an cheol go lánaimseartha.

# Altan

In 1987 bhunaigh Frankie, Mairéad agus ceoltóirí eile an banna ceoil, Altan. Thóg siad an t-ainm ó Loch Alltáin atá ag bun na hEaragaile i dTír Chonaill. Ainm maith atá ann do bhanna ceoil: tá sé furasta a rá, baineann sé le ceantar dúchais Mhairéad agus tosaíonn sé leis an litir 'A', rud a fhágann i


*An Earagail.*

gcónaí ar bharr liostaí é.

Tá an domhan siúlta ag Mairéad leis an ghrúpa, Altan. Tá camchuairteanna tugtha ag an ghrúpa ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin, áiteanna cosúil le Meiriceá, an Astráil, an tSeapáin agus an Chóiré. Chomh maith leis na camchuairteanna tá cuid mhór ceoil taifeadta acu.



Tá lear dlúthdhioscaí eisithe acu ó thosaigh siad ag seinm le chéile. Bronnadh cuid mhór gradam ar an ghrúpa de bharr díolacháin agus feabhas a gcuid ceoil. Sa bhliain 2006 d'eisigh An Post stampa le pictiúr d'Altan air. Sheinn Altan do mhaithe agus do mhóruaisle, ina measc Uachtarán agus Taoiseach na hÉireann agus ceannairí rialtais ó thíortha eile.



# Cor sa Chinniúint

Bhí Mairéad agus Frankie ar rothaí an tsaoil agus rudaí ag dul go hiontach maith dóibh. Ach ansin, sa bhliain 1991, tháinig cor mór ina gcinniúint. Mhothaigh Frankie a dhroim ag éirí nimhneach. Níor shíl sé mórán de ar dtús. Ba mhinic a bhíodh air rudaí troma a iompar agus iad ar chamchuairteanna agus shíl sé gurb é sin ba chiontaí leis an phian. Ach bhí sé ag éirí níos measa de réir a chéile. Sa deireadh b'éigean é a thabhairt go dtí an dochtúir. Fuarthas amach gur ailse a bhí air. Cuireadh gach cóir leighis air agus bhí sé ar aghaidh bisigh ar feadh tamaill de mhíonna.

Ach, faraor géar, tháinig an aicíd ar ais ní ba mheasa. Fuair Frankie bás ar an 19 Meán Fómhair 1994. Ní raibh sé ach 38 bliain d'aois. Cuireadh é i reilig Mhachaire Gathlán i nGaoth Dobhair.

Ba mhillteanach an buille bás Frankie do Mhairéad. Bhí cumann eatarthu ó bhí sise cúig bliana déag. Níor shíl sí riamh go dtógfaí uaithi chomh tubaisteach seo é agus go mbeadh sí fágtha léi féin ina baintreach gan í ach in aois a cúig bliana déag is fiche. Ach, sula bhfuair sé bás, d'iarr Frankie ar Mhairéad gan éirí as an cheol. Mar sin de, i bhfách le Frankie, shocraigh Mairéad agus Altan leanúint ar aghaidh. Go luath ina dhiaidh sin d'eagraigh Mairéad agus a deartháir scoil cheoil i nDún Lúiche i nGaoth Dobhair. Anois triallann na céadta ceoltóir ar Scoil Gheimhridh

Frankie Kennedy gach bliain idir dhá Nollaig chun ceird an cheoil a fhoghlaim agus a fheabhsú. Is mór an t-ómós sin dó mar ba mhúinteoir agus ceoltóir ar dóigh a bhí in Frankie féin.

Tamall i ndiaidh bhás Frankie fuair Mairéad cuireadh chuig searmanas cuimhneacháin i Scoil Oilibhéir Pluincéid i Mullach Íde, an scoil ina raibh sí féin agus Frankie ag múineadh. Cé gur ócáid bhrónach a bhí ann, bhí sé speisialta agus ceolmhar fosta. Sheinn Mairéad agus Altan i gcomhluadar na ndaltaí agus na múinteoirí agus chuir siad crann i gcuimhne do Frankie i ngairdín na scoile.

# Saol Úr

Sa bhliain 1999 phós Mairéad arís. Phós sí Dermot Byrne ar an chéad lá de Dheireadh Fómhair i dTeach Pobail Dhún Lúiche ag bun na hEaragaile. Is ceoltóir é Dermot fosta agus tá sé ina bhall d'Altan. Tá iomrá leitheadach air mar bhoscadóir fíormhaith. Chuir





*Mairéad, Nia agus Dermot*

Mairéad agus Dermot fúthu i mBaile Átha Cliath ar dtús agus rugadh iníon dóibh sa bhliain 2003. Nia an t-ainm a bhaist siad uirthi.

Faoin am seo bhí a saol caite ag Mairéad i mBaile Átha Cliath ó chuaigh sí ar coláiste sa bhliain 1976. Bhí sí breá sásta le saol na cathrach, ach sa deireadh shocraigh sí ar bhogadh ar ais go Tír Chonaill in 2005. D'fhág

sí Baile Átha Cliath cionn is nach raibh a cuid oibre ag brath ar a beith sa chathair níos mó. Chomh maith leis sin, dar léi, go raibh saol na tuaithe i bhfad níos folláine. Bhí sí ag iarraidh Nia a thógáil sa Ghaeltacht cóngarach dá muintir. Bhí a hathair, Francie, ag éileamh san am chomh maith agus bhí sí ag iarraidh níos mó ama a chaitheamh ina chuideachta. Fuair Francie Ó Maonaigh bás in 2006.



*Sceitse a tharraing Mairéad dá hathair.*

Anois ós rud é go bhfuil Mairéad ina cónaí fá bhaile agus iníon aici, tá níos mó ama aici don chumadóireacht. Tá bunús a cuid ceoil bunaithe ar a ceantar dúchais. Chomh maith le bheith ag cumadóireacht bíonn Mairéad ag líníocht agus ag tarraingt pictiúr. Tá spéis mhór aici sa líníocht ó bhí sí ar scoil agus tá seans anois aici níos mó ama a chaitheamh leis an ealaín.

Tá Mairéad ag seinm le grúpa eile anois, 'The String Sisters'. Grúpa de cheoltóirí mná atá iontu ó Mheiriceá, na tíortha Lochlannacha, Albain agus, ar ndóigh, ó Éirinn, agus a stíl dhúchasach féin ag gach duine acu. Tá ag éirí go han-mhaith leo.

Tá Mairéad breá sásta lena saol. Tá teach úr deismir aici ar an Charraig Fhinn cóngarach do Ghaoth Dobhair,

áit a bhfuil cuid mhór gaolta aici, agus tá sí lonnaithe ansin ó bhí 2005 ann. Níl de dhíth uirthi anois ach leanúint ar aghaidh mar atá, ag cumadh amhrán agus ceoil, ag seinm agus ag tarraingt pictiúr. Ach thar rud ar bith eile tá sí sásta go dtig léi tréan ama a chaitheamh le Nia, a 'Níon Ó.'





*Nia ar an trá.*

# Mo Níon Ó

Tar liom ag siúl
Mo níon ó
Thar mhaola fionna na Trá Báine
Is déan caisleáin óir
Mo níon ó
Den ghainimh mhín 's sliogáin ghlé.

Go mbeidh d'aistear réidh
Mo níon ó
Ar fud an tsaoil seo 'tá romhat
Is lean do mhian
Mo níon ó
Is beidh cumhdach le fáil.

*Curfá:*
Mo níon ó, óró
Mo níon ó, óró
Mo níon ó, óró
Go dtéigh tú slán gach oíche 's ló.

Ó tóg do sheol
Mo níon ó
Amach go Gabhla ar bhád sí
Thar bharr na dtonn
Mo níon ó
Go ngealaí an ghealach os do chionn.

Ó codlaigh suan
Mo níon ó
Ar leaba theolaí den tsíoda bhán
Sín síos go ciúin
Mo níon ó
Is éist le ceolta binn na n-éan.

Go dté tú slán
Mo níon ó
Gan bhuairt gan ghruaim
Gach oíche is ló
Ach cuimhnigh do lorg
Mo níon ó
Ar ghaineamh mhín na Trá Báine.

# Diosclíosta



**Frankie Kennedy agus Mairéad Ní Mhaonaigh**

- *Ceol Aduaidh* (1983)
- *Altan* (1987)

**Altan**

- *Horse with a Heart* (1989)
- *The Red Crow* (1990)
- *Harvest Storm* (1992)
- *Island Angel* (1993)
- *Once Again 1987-93* (1993)
- *The First Ten Years (1986-1995)* (1995)
- *Blackwater* (1996)
- *The Best Of Altan* (1997)
- *Runaway Sunday* (1997)
- *Altan's Finest* (1999)
- *Another Sky* (2000)
- *The Blue Idol* (2002)
- *Local Ground* (2005)



**Mairéad Ní Mhaonaigh**

- *Imeall* (2008)







www.mairead.ie

An Gúm

ISBN 978-1-85791-732-1

9 781857 917321